Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6825/22**

**CO EUR-PREP 7**
**POLGEN 31**
**ECOFIN 186**
**SOC 119**
**EMPL 79**
**UEM 35**
**COMPET 132**
**ENV 177**
**RECH 110**
**ENER 76**
**JAI 283**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Seimeastar Eorpach - Tuarascáil sintéise 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuarascáil Sintéise a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle i ndáil le Suirbhé Bliantúil Fáis 2022, an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, an togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an moladh maidir leis an limistéar euro. Léirítear sa doiciméad freisin na conclúidí gaolmhara ón gComhairle agus an plé a rinneadh i bhfoirmíochtaí éagsúla na Comhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2022, le linn na chéad chéime.

Ba cheart a chur i dtreis gur ullmhaíodh Tuarascáil Sintéise 2022 ar bhonn an phlé a rinneadh i bhfoirmíochtaí éagsúla de chuid na Comhairle agus ar bhonn dhoiciméid an tSeimeastair Eorpaigh a ullmhaíodh agus a eisíodh sula bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na staide a d'eascair as an bhfogha míleata a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus iad a chur san áireamh.

Cúlra

An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún 'Pacáiste an Fhómhair' do Sheimeastar Eorpach 2022, ina raibh na nithe seo a leanas:

- Suirbhé Bliantúil Fáis 2022[1], inar leagadh amach an straitéis beartais eacnamaíoch agus fostaíochta don Aontas, chun go mbeidh athbhorradh láidir faoin Aontas i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 agus ar mhaithe le hEoraip níos glaise agus níos digití, i gcomhréir leis na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch;
- Tuarascáil 2022 maidir leis an Sásra Foláirimh[2], inar moladh go ndéanfaí grinn-athbhreithniú ar 12 Bhallstát in 2022 chun tromchúis na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar an tromchúis sin;
- an togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht[3]**,** ina ndearnadh anailís ar an staid fostaíochta agus shóisialta san Eoraip agus inar cuireadh chun suntais na réimsí ina ndearnadh dul chun cinn, agus na cinn inar ghá níos mó a dhéanamh;
- an moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (moladh maidir leis an limistéar euro)[4], inar moladh go rachadh Ballstáit an limistéir euro, don tréimhse ó 2022 go dtí 2023, i mbun gnímh, ina n-aonar, trína bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme, agus i dteannta a chéile i dtionól an Ghrúpa Euro.

Tá an dearcadh eacnamaíoch a chuirtear i láthair i Suirbhé Bliantúil Fáis 2022 bunaithe ar réamhaisnéis eacnamaíoch an fhómhair ón gCoimisiún ó mhí na Samhna 2021. I dtaca leis na hiarrachtaí chun éifeachtaí láithreacha an tsuaite a d'eascair as COVID-19 a leigheas, tá a dtoradh anois ar fáil de réir an tSuirbhé Bhliantúil Fáis.. Faoi 2021, bhíothas ag súil le méadú 5.0 % ar OTI sa limistéar euro agus san Aontas araon. De réir mar a thosaigh geilleagar an Aontais ag méadú seachas bheith ag téarnamh amháin, le tacaíocht ó mhargadh saothair a bhí ag dul i bhfeabhas, dálaí fabhracha maoiniúcháin agus imscaradh mear na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, tuaradh go raibh fíorfhás OTI san Aontas cothrom le 4.3 % in 2022 agus 2.5 % in 2023. Lean an ráta dífhostaíochta de bheith ag laghdú, cé gur fhan sé beagán os cionn an leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim. Tá méadú tagtha ar an mbrú boilscitheach de dheasca ardú ar phraghsanna fuinnimh agus suaitheadh sa slabhra soláthair. Bhí neamhchinnteacht agus rioscaí arda ann go fóill, lena n-áirítear éabhlóid na paindéime, laistigh den Aontas chomh maith le lasmuigh de.

[1] 14145/21
[2] 14143/21
[3] 14267/21
[4] 14146/21

Moladh sa Suirbhé Bliantúil Fáis go mbeadh gníomhaíocht eacnamaíoch ag teacht níos mó leis na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch: inbhuanaitheacht chomhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus nár cheart féachaint ar na ceithre ghné astu féin, toisc go dtreisíonn siad a chéile.

Dá bhrí sin, ba cheart do chlár oibre beartais eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na hEorpa a áirithiú go rannchuideoidh rialtais ar gach leibhéal, gnólachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus teaghlaigh go comhsheasmhach lenár spriocanna a bhaint amach le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, chomh maith leis na spriocanna fostaíochta, scileanna agus laghdaithe bochtaineachta a leagtar amach le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus cobhsaíocht ár ngeilleagair agus feidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair á n-áirithiú ag an am céanna gan aon duine a fhágáil ar lár.

Meabhraíodh sa Suirbhé Bliantúil Fáis go soláthraítear leis an Seimeastar Eorpach creat seanbhunaithe chun beartais eacnamaíocha agus fostaíochta na mBallstát a chomhordú agus go leanfaidh sé den ról sin a bheith aige ag céim an téarnaimh agus ag cur an dá aistriú chun cinn. Tugadh cuntas sa Teachtaireacht freisin ar phríomhthréithe thimthriall Sheimeastar Eorpach 2022 agus míníodh inti na príomhathruithe i gcomparáid le timthriallta roimhe sin, agus an gá atá le hoiriúnú do na próisis faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á chur san áireamh.

Mar gheall ar dháta foilsithe phacáiste an Fhómhair, ní raibh an gnáthmhalartú tuairimí maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis ag an gComhairle Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta faoi Nollaig.

***

Mar a tharla le blianta beaga anuas, ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (an 18 Eanáir 2022) conclúidí maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis[5]. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle na tosaíochtaí eacnamaíocha a cuireadh chun cinn i Suirbhé Bliantúil Fáis 2022, amhail an bhéim leanúnach ar inbhuanaitheacht iomaíoch i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. D'aontaigh sí go bhfuil na ceithre ghné a threisíonn a chéile (inbhuanaitheacht chomhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch) chomh bailí céanna i gcónaí chun sprioc an Aontais maidir le haistriú i dtreo samhail inbhuanaithe, athléimneach agus chuimsitheach a bhaint amach.

[5] 5365/22

Agus láidreacht an téarnaimh chomh maith le leibhéal na héiginnteachta á gcur san áireamh, mheas an Chomhairle gur cheart do na Ballstáit a bheith solúbtha i gcónaí maidir lena bhfreagairt don bheartas fioscach chun a bheith in ann freagairt d'éabhlóid na paindéime. D'iarr sí ar na Ballstáit, atá ag aistriú ó thacaíocht fhioscach leathan go dtí bearta beartais níos spriocdhírithe, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar úsáid, éifeachtacht agus leordhóthanacht na mbeart tacaíochta agus a bheith réidh chun iad a oiriúnú d'imthosca athraitheacha de réir mar is gá, agus inbhuanaitheacht fhioscach á coimirciú sa mheántéarma.

Admhaíonn an Chomhairle cumas na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta cur leis an téarnamh eacnamaíoch agus fás láidir inbhuanaithe an Aontais a neartú, chomh maith leis an ról atá aici geilleagar athléimneach glas digiteach a bhaint amach san Aontas. D'iarr sí, mar sin, go ndéanfaí na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go tráthúil, go hiomlán agus go héifeachtach, ar pleananna iad lena dtugtar aghaidh ar réimse leathan dúshlán eacnamaíoch a sainaithníodh le blianta beaga anuas ach go leanfaí d'fhaireachas a dhéanamh ar bheartas eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear dlúthfhaireachán a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Tá faireachas iltaobhach agus dlúthchomhordú a bhfuil ábharthacht mhór ag baint leo maidir leis an gComhairle mar aon leis an tábhacht atá le hidirphlé trédhearcach idir an Coimisiún agus na Ballstáit ag gach céim den Seimeastar Eorpach agus den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Sna conclúidí uaithi, an 18 Eanáir 2022, i ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh[6], ba dhíol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil 2022 maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear an t-aonú babhta déag bliantúil dá cuid, agus d'aontaigh sí, tríd is tríd, leis an anailís chothrománach a rinne an Coimisiún ar fhorbairt na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus laistigh den limistéar euro agus ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn. Aithníonn sí go raibh tionchar sealadach ag an bpaindéim ar chuntais sheachtracha ach nach raibh athruithe ó bhonn ar phatrúin sheanbhunaithe réamhphaindéime na gcuntas reatha mar thoradh uirthi.

[6] 5339/22

Ina theannta sin, áiríodh sa tuarascáil measúnú réamhbhreathnaitheach ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim ar chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus ar fhorbairt na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann cheana. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle é sin toisc go bhfuil sé thar a bheith ábhartha i bhfianaise na héiginnteachta suntasaí maidir le tionchar iomlán ghéarchéim COVID-19, agus, ar an gcaoi sin, tá gá le stuamacht chun teacht ar chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí bunaithe ar réamhaisnéis na sonraí.

Ós rud é go gcuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta deis ar fáil don Aontas tacú leis an téarnamh agus a bheith láidir athléimneach ag teacht amach as an ngéarchéim dó, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí freagairtí iomchuí beartais a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus chun táirgiúlacht agus acmhainneacht fáis a ardú mar aon le hiomaíochas gheilleagar an Aontais.

An 21 Feabhra 2022, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir leis na gnéithe fostaíochta den Mholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[7]. Mhol an Chomhairle go rachadh Ballstáit an limistéir euro i mbun gnímh, ina n-aonar, lena n-áirítear trína bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme, agus i dteannta a chéile i dtionól an Ghrúpa Euro, chun leanúint de bheartais náisiúnta fhioscacha a úsáid agus a chomhordú ar fud na mBallstát chun bheith mar bhonn taca éifeachtach faoi théarnamh inbhuanaithe cuimsitheach. Ba cheart do Bhallstáit an limistéir euro an beartas fioscach a choinneáil solúbtha chun bheith in ann freagairt a thabhairt má thagann rioscaí paindéime chun cinn an athuair. A luaithe a bheidh na dálaí eacnamaíocha ann chuige sin, moladh do na Ballstáit beartais fhioscacha a shaothrú, ar beartais iad atá dírithe ar staideanna fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus an infheistíocht a fheabhsú ag an am céanna.

An 14 Márta 2022, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2022 agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht[8]. Ba dhíol sásaimh do na hairí freagairt eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear trí thacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) agus an ionstraim théarnaimh Next Generation EU, agus gur áiríodh leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh go dtí sin athchóirithe agus infheistíochtaí suntasacha i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus na mbeartas sóisialta.

[7] 5461/22
[8] 6473/22

Ba dhíol sásaimh don Chomhairle an togra ón gCoimisiún le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 agus an bhéim fheabhsaithe atá inti ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, chomh maith le comhtháthú phríomhspriocanna agus phríomhtháscairí athbhreithnithe an scórchláir shóisialta sa togra mar chuid den Seimeastar Eorpach, i gcomhréir le Dearbhú Porto[9].

D'iarr na hairí ar na Ballstáit tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil Fáis agus na torthaí ón Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú, agus dlús a chur lena n-iarrachtaí prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. Ar deireadh, mhol an Chomhairle don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar thionchar fostaíochta agus sóisialta an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

***

Ar thionscnamh na hUachtaránachta, rinne na hairí atá freagrach as fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, an comhshaol agus taighde plé téamach ar ábhair a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach.

***

An 14 Márta 2022, le linn na Comhairle Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta, bhí díospóireacht ag na hairí.

***

Bhí díospóireacht théamach ag an gComhairle Comhshaoil, an 17 Márta 2022, maidir leis an Seimeastar Eorpach.

***

Á admháil di an ghné pharlaiminteach den Seimeastar Eorpach, chomheagraigh an Uachtaránacht agus Parlaimint na hEorpa Seachtain Pharlaiminteach an tSeimeastair Eorpaigh 2022 (an 15 - 16 Márta 2022), i gcomhthéacs rialachas eacnamaíoch an Aontais ó thaobh na Parlaiminte de.

---

[9] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2021/05/08/the-porto-declaration/